

## Meabhrúcháin nuair a bhítear ag baint úsáide as gcóras um Éilimh ar Líne (OLCS)

### Réamhrá

Baintear úsáid as OLCS na Roinne Oideachais agus Scileanna chun scoileanna a chumasú chun

- Taifead a dhéanamh ar gach neamhláithreacht de chuid na foirne. Is féidir go mbeidh nó nach mbeidh an neamhláithreacht seo ag dul i bhfeidhm ar thurasatal an bhaill foirne. Déanfaidh an OLCS an neamhláithreacht a chatagóirú mar neamhláithreacht donar féidir ionadaí a úsáid nó gan a úsáid.
- Cuir isteach éileamh don ionadaí fostaithe.
- Cuir isteach éileamh do na huairanta páirtaimseartha le haghaidh iar-bhunscoileanna.

Tá lámhleabhar tagartha tapa an OLCS ar fáil ar Leathanach Lamairne OLCS faoin rogha “Cabhair”.

### Amlíne chun éilimh le haghaidh neamhláithreachtaí agus ionadaithe a phróiseáil.

Ritheann gach eisiúint phárolla ar sceideal coicíse i riaráiste. Ba chóir gach éileamh neamhláithreachta agus ionadaíochta a iontráil agus a fhaomhadh faoi **5.30pm gach Aoine** chun íocaíocht a chinntiú ar an gcéad eisiúint pá eile. D’fhéadfadh sé go mbeadh difríochtaí idir na socrúithe timpeall na Nollag ach taispeánfar iad seo faoi Eolas Párolla ar Leathanach Lamairne an OLCS.

D’fhéadfadh neamhláithreachtaí agus éilimh nach gcuirtear isteach go tráthúil difear a dhéanamh don íocaíocht mar seo a leanas

- Don bhall foirne atá as láthair:
  - D’fhéadfadh go mbeadh impleachtaí ann d’íocaíochtaí a dhéanann an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí go díreach le ball foirne na scoile, mar shampla maidir le neamhláithreacht Sochar Breoiteachta agus Saoire Mháithreachais.
  - Féadann ró-íocaíochtaí a bheith mar thoradh ar mhoill má bhíonn an neamhláithreacht ag dul i bhfeidhm ar phá.
  - Is féidir nach gcuirfear an cháin cheart ar an íocaíocht
- Don Ionadaí:
  - Ní féidir an t-éileamh don ionadaí a chur isteach gan an neamhláithreacht do na baill foirne a chur ar an taifead.
  - Moill ar íocaíocht don ionadaí go dtí go bhfuil an t-éileamh curtha isteach agus faofa.

### Róil Úsáideoirí OLCS

Ba chóir go mbeadh pearsanra leordhóthanach ag gach scoil le rochtain OLCS chun saoire agus éilimh a thairfeadh agus a cheadú. Tá líon róil úsáideoirí éagsúla mar chuid den OLCS. Is féidir go mbeidh níos mó ná duine amháin i scoileanna a chuireann agus a cheadaíonn sonraí.

<b>Sonraí a chur isteach</b>	Chun na sonraí a chur isteach .i. sonraí a chur isteach maidir le neamhláithreachtaí ball foirne agus éilimh le haghaidh ionadaithe agus sonraí eile a chur isteach sa chóras.
<b>Ceadaitheoir Sonraí</b>	Chun a chinntiú go bhfuil na sonraí curtha isteach mar is ceart ag an duine a chuireann na Sonraí isteach agus chun iad a cheadú de réir mar is gá. Ba chóir iarratais ar shocrúithe Ceadaitheoir Sonraí a chur ar aghaidh chuig Rannóg an OLCS, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí. Tá an fhoirm iarratais chun Ceadaitheoir a athrú ar fáil ar leathanach lamairne an OLCS faoi na cáipéisí "Íoslódáil".
<b>Riarthóir Áitiúil</b>	Chun róil Iontrála Sonraí a athshannadh sa scoil agus chun pasfhocail Iontrála Sonraí a athshocrú. (Ní éilíonn an ról seo Aitheantas Úsáideora breise agus tá an ról sannta do ról an Cheadaitheora Shonraí). <b>Tá sé riachtanach go dtugtar fógra i scríbhinn láithreach do Rannóg OLCS na Roinne má fhágann / má éiríonn aon úsáideoir OLCS as do scoil nó mura dteastaíonn rochtain ar OLCS a thuilleadh ionas go bhféadfaí a gcuntas a chur as feidhm.</b>
<b>Dara Ceadaitheoir</b>	Na héilimh maidir le neamhláithreachtaí an Cheadaitheora Sonraí a cheadú agus is féidir leo sonraí a chuir an duine Iontrála Sonraí isteach a cheadú freisin.

### Slándáil

Sannfar ID Úsáideora ar leith do gach úsáideoir OLCS ar chóir a choinneáil go cúramach agus gan é a nochtadh do dhuine ar bith. Níor chóir go n-iarrfá ar do ríomhaire do shonraí pasfhocail/slándála a choinneáil. Ba chóir comhairle a chur ar an duine Iontrála Sonraí agus an Ceadaitheoir Sonraí a bpassfhocail agus a gcuid faisnéise eile a choinneáil slán i gcónaí agus gan iad a nochtadh do bhaill foirne eile.

### **Tuairiscí**

Tá an áis ag an OLCS chun roinnt tuairiscí a ghiniúint atá úsáideach don Úsáideoir OLCS agus don bhall foirne scoile araon. Is féidir tuilleadh eolais ar na tuairiscí seo a fháil ón Lámhleabhar Tagartha an OLCS ar leathanach 21 agus 22.

**Sonraí Teagmhála** Rannóg an OLCS, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí. N37 X659

090 6484171/6483779/6483709.

OLCSLeathanachMeabhrúcháin2020.doc